Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Eanáir 2017**
**(OR. en)**

**5734/17**

**ECOFIN 50**
**UEM 14**
**SOC 51**
**EMPL 37**
**COMPET 52**
**ENV 79**
**EDUC 23**
**RECH 22**
**ENER 19**
**JAI 73**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5188/17 |
| Ábhar: | Seimeastar Eorpach 2017 - Suirbhé Bliantúil Fáis: Treoir mhaicreacnamaíoch agus fhioscach do na Ballstáit<br>– Conclúidí ó Chomhairle ECOFIN (27 Eanáir 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil Fáis 2017, a ghlac an Chomhairle ag an 3515ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl an 27 Eanáir 2017.

**SEIMEASTAR EORPACH 2017:**
**TREOIR MHAICREACNAMAÍOCH AGUS FHIOSCACH DO NA BALLSTÁIT**

– Conclúidí ó Chomhairle ECOFIN –

Dearbhaíonn an Chomhairle (ECOFIN) mar a leanas:

**I. SEIMEASTAR EORPACH 2017**

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Suirbhé Bliantúil Fáis 2017 ón gCoimisiún, ina leagtar amach tosaíochtaí ginearálta beartais le haghaidh post agus fáis san Aontas agus sna Ballstáit, agus is é túsphointe Sheimeastar Eorpach 2017 é.

2. AONTAÍONN SÍ A BHEAG NÓ A MHÓR leis an anailís a rinne an Coimisiún ar an gcás eacnamaíoch agus ar dhúshláin bheartais san Aontas Eorpach. Is gá go gcabhródh beartais struchtúracha agus fhioscacha chun an téarnamh a chomhdhlúthú agus chun leas a bhaint as an staid mar atá chun dul i ngleic le míchothromaíochtaí maicreacnamíocha, chun athchóirithe uaillmhianacha a chur chun feidhme agus tabhairt faoi bheartais fhioscacha stuama. In ainneoin feabhsuithe a tharla le déanaí, tá cuma níos éiginnte ag teacht ar an ionchas eacnamaíochta domhanda. Tá feidhmiú an gheilleagair, chomh maith le cur chun feidhme athchóirithe, míréireach ar fud an Aontais go fóill. Cé go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh fás ar an bhfostaíocht, tá dúshláin fhorleathana struchtúracha, lena n-áirítear sa mhargadh saothair, fós os a gcomhair ag roinnt mhaith geilleagar. Cé go bhfuil laghdú ag teacht orthu, tá na leibhéil d’fhiachas príobháideach agus poiblí, leibhéil atá fós ard, ag cur bac ar an infheistíocht. Mar a dearbhaíodh le Tuarascáil an Choimisiúin maidir leis an Sásra Foláirimh, tá an fás agus an fhostaíocht srianta freisin mar gheall ar an mbaol go mbeidh roinnt míchothromaíochtaí maicreacnamíocha ann.

3. I bhfianaise an méid sin, AONTAÍONN SÍ leis na réimsí leathana tosaíochta beartais a leag an Coimisiún amach agus ar cheart díriú orthu ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais in 2017; Borradh a chur faoin infheistíocht, agus tabhairt faoi athchóirithe struchtúracha agus beartais fhioscacha stuama. Ba cheart na tosaíochtaí sin a chur chun feidhme ar bhealach comhtháite d'fhonn dul i ngleic leis na dúshláin, go héifeachtach, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon chun fás cuimsitheach agus forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe a áirithiú. CUIREANN SÍ I dTREIS nach gcuirtear dóthain béime sa Suirbhé Bliantúil Fáis sin ar an ngá atá le hathchóiriú a dhéanamh ar mhargadh na dtáirgí. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d'athchóirithe ar mhargadh na dtáirgí de bharr go gcuireann siad borradh díreach faoin táirgíocht agus faoin aschur beag beann ar na cúinsí eacnamaíocha. AONTAÍONN SÍ go bhfuil tábhacht ag baint le hathchóirithe chun soláthar saothair a mhéadú agus comhdheiseanna a chothú ar an margadh saothair, amhail rannpháirtíocht mhéadaithe na mban sa lucht saothair agus lánpháirtiú grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste mar bhealach chun an acmhainneacht fáis agus an dul chun cinn sóisialta a mhéadú. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le cur chuige cuimsitheach d'fhonn imircigh a lánpháirtiú agus d'fhonn an rabharta dídeanaithe a tháinig isteach le déanaí a láimhseáil agus d'fhonn féachaint leis go mbeidh rochtain acu ar mhargadh an tsaothair.

4. AONTAÍONN SÍ leis an anailís ón gCoimisiún gur gá feabhas a chur ar an gcuntas teiste maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar chur chun feidhme beartas, lena n-áirítear cur chun feidhme na moltaí tír-shonracha, i rith na bliana. IARRANN sí ar an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus ar an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch páirt ghníomhach a ghlacadh san obair sin bunaithe ar ionchur an Choimisiúin. TÁ SÍ AG SÚIL LE plé suntasach sa chomhairle i mí an Mhárta maidir le cur chun feidhme na moltaí tír-shonracha bunaithe ar mheasúnú críochnúil ón gCoimisiún.

5. SPREAGANN SÍ tuilleadh plé éifeachtúil agus oscailte sna príomhchathracha idir na Ballstáit agus an Coimisiún, agus rannpháirtíocht fheabhsaithe na ngeallsealbhóirí náisiúnta.

## II. TREOSHUÍMH MAIDIR LE BEARTAS FIOSCACH AGUS MAICREACNAMAÍOCH

**An infheistíocht a sheoladh an athuair**

6. AITHNÍONN SÍ go bhfuil na leibhéil infheistíochta fós íseal, fiú agus rátaí ísle úis agus neart leachtacht sna margaí airgeadais a bheith ann agus fiú agus díghiaráil á déanamh ag gníomhaithe poiblí agus príobháideacha. Tá géarghá le borradh a chur faoin infheistíocht trí fheabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta ar an iomlán d'fhonn téarnamh eacnamaíoch an Aontais a neartú, agus chun cur leis an táirgiúlacht agus leis an acmhainneacht fáis. MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí ó Chomhairle ECOFIN i mí na Nollag 2016 maidir le dul i ngleic le bacainní ar an infheistíocht arna sainaithint faoin tríú colún den phlean infheistíochta, ina leagtar béim freisin ar an dlúthghaol atá idir infheistíocht agus athchóirithe struchtúracha. Tathantaítear ar na Ballstáit dul i ngleic le baic ar an infheistíocht náisiúnta agus trasteorann agus an margadh aonair agus an timpeallacht infheistíochta san Aontas ar an iomlán a threisiú.

7. Tá coinníollacha iasachtaithe ag feabhsú ach fós féin tá cuideachtaí ag déileáil le coinníollacha maoinithe éagsúla ag brath ar an áit ina bhfuil siad lonnaithe. Tá dúshlán os comhair go leor de na Ballstáit ó thaobh iarmharach fiachais phríobháidigh agus iasachtaí neamhthuillmheacha a chuireann cosc ar fheidhmiú na hidirghabhála airgeadais agus a chuireann moill ar chinntí infheistíochta. TAGANN SÍ LEIS an anailís ón gCoimisiún go bhfuil creataí dócmhainneachta dea-fheidhmiúla ríthábhachtach do chinntí infheistíochta.

8. TACAÍONN SÍ leis an dearcadh gur gá éifeachtúlacht na gcreat dócmhainneachta náisiúnta a fheabhsú tuilleadh d'fhonn cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar an leibhéal ard iasachtaí neamhthuillmheacha agus AONTAÍONN SÍ gur fiú straitéis éifeachtach a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais araon, chun gníomhaíocht mhaoirseachta stuamachta a chomhlánú d'fhonn aghaidh a thabhairt ar rioscaí i dtaca le hinmharthanacht laistigh den earnáil baincéireachta i roinnt Ballstát, lena n-áirítear maidir leis an leibhéal ard iasachtaí neamhthuillmheacha, maidir le múnlaí gnó neamhéifeachtúla agus maidir le ró-acmhainneacht. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart do na gníomhaíochtaí sin a bheith i gcomhréir leis an gcreat rialála atá ann cheana, go háirithe an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc.

9. MEABHRAÍONN SÍ go bhféadfadh margaí caipitil atá níos forbartha agus níos comhtháite infheistíocht a scaoileadh do ghnólachtaí agus do thionscadail bhonneagair, infheistíocht choigríche fhadtéarmach a mhealladh, agus cur le fás agus cruthú post. Chuige sin, TACAÍONN SÍ leis an dul chun cinn i dtaobh Aontas iomlán na Margaí Caipitil a chruthú agus i dtaobh na bacainní ar an infheistíocht trasteorann a bhaint, chomh maith le foinsí an chistithe a éagsúlú agus ar an mbealach sin tacú go háirithe le maoiniú bonneagair agus FBManna agus bogadh, le bearta ó thaobh cánachais de nuair is iomchuí, i dtreo struchtúr maoinithe atá níos cothroime idir cothromas agus fiachas ghnólachtaí an Aontais agus i dtreo tuilleadh comhroinnt phríobháideach de rioscaí trasteorann.

**Athchóirithe struchtúracha a chur i bhfeidhm chun ár ngeilleagair a nuachóiriú**

10. TAGANN SÍ A BHEAG NÓ A MHÓR le dearcadh an Choimisiúin gur gá do na Ballstáit níos mó a infheistiú i gcruthú cúinsí tacaíochta do rannpháirtíocht níos fearr i margadh an tsaothair agus d'oiliúint agus d'uasoiliúint éifeachtach. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá athchóirithe i margadh na dtáirgí agus oscailt na margaí chun an acmhainneacht fáis, an táirgiúlacht agus gnóthachain éifeachtúlachta a mhéadú. Féadfaidh an méid sin rathúlacht na n-athchóirithe i margadh an tsaothair a éascú freisin. Ina theannta sin, féadfaidh athchóirithe i margadh na dtáirgí an acmhainn coigeartaithe a fheabhsú i gcoinne suaite, cur le hathchothromú, fo-éifeachtaí diúltacha na díghiarála agus an domhandaithe a laghdú, a n-éifeachtaí dearfacha a fheabhsú agus cabhrú chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil an margadh aonair Eorpach fós ar an inneall is cumhachtaí don fhás agus gur cheart é a bheith ina thosaíocht an margadh aonair in earraí agus i seirbhísí araon a chomhlánú agus breis oibre a dhéanamh ar an Margadh Aonair Digiteach, ar Aontas na Margaí Caipitil agus ar an Aontas Fuinnimh.

11. CUIREANN SÍ IN IÚL gur cheart do chórais chosanta sóisialta a bheith inbhuanaithe ó thaobh buiséid de. Rinneadh athchóiriú ar chóras na bpinsean i dtromlach na mBallstát chun a n-inbhuanaitheacht, a n-éifeachtúlacht agus a leordhóthanacht a fheabhsú, ach tá gá le céimeanna breise chun na hiarrachtaí sin i ndáil le hathchóirithe a chomhdhlúthú. AONTAÍONN SÍ leis an anailís ón gCoimisiún go gcabhraítear le héifeachtacht na n-athchóirithe sin nuair a bhíonn beartais tionlacain ann chun borradh a chur faoi ioncaim scoir trí shíneadh a chur leis an saol oibre agus trí thacú le bealaí comhlántacha eile chun ioncaim a thuilleamh le linn scoir.

**Beartais fhioscacha stuama**

12. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta le comhdhlúthú fioscach, ach TUIGEANN SÍ go gceileann an léiriú comhiomlán na difríochtaí móra atá ann ar fud na mBallstát agus go bhfuil dúshláin ann i gcónaí maidir le hairgeadas poiblí. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil comhordú láidir na mbeartas náisiúnta fioscach, bunaithe ar rialacha comhchoiteanna, riachtanach don limistéar euro chun go dtiocfar ar staid fhioscach atá iomchuí agus comhiomlán agus chun go bhfeidhmeoidh an t-aontas airgeadaíochta mar is cuí. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an Teachtaireacht ón gCoimisiún agus anailís ar an staid fhioscach lena n-iarrtar go mbeadh seasamh dearfach fioscach ann don limistéar euro ina iomláine. MEABHRAÍONN SÍ gur chinn an Grúpa Euro i mí Iúil, ar bhonn anailís an Choimisiúin, go bhfuil cothromaíocht iomchuí ag gabháil leis an staid chomhiomlán fhioscach in 2017 atá neodrach a bheag nó a mhór. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé ag an bpointe seo díriú ar chothromaíocht iomchuí idir an gá atá ann inbhuanaitheacht a áirithiú agus an gá atá ann tacú le hinfheistíocht chun an téarnamh a neartú agus ar an gcaoi sin cur le staid chomhiomlán fhioscach agus meascán beartas a bheadh níos cothroime.

13. AONTAÍONN SÍ go bhfuil sé riachtanach i gcónaí do na Ballstáit leanúint d'athchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme chun cur leis an bhfás a d'fhéadfadh a bheith ann agus gur cheart beartas fioscach na mBallstát a bheith ina thacaíocht don fhás agus inbhuanaitheacht fiachais níos fadtéarmaí á háirithiú, lena n-áirítear trí bhéim níos mó a chur ar cháilíocht agus ar chomhdhéanamh na mbuiséad i leith infheistíocht agus catagóirí eile caiteachais agus ioncaim lena n-ardaítear an acmhainneacht fáis eacnamaíoch. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart tabhairt faoi bheartais fhioscacha agus lánurraim á tabhairt don Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis. TAGANN SÍ le dearcadh an Choimisiúin go bhfuil dúshláin fós ann don inbhuanaitheacht fhioscach i roinnt tíortha ina bhfuil an fiachas poiblí ard, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leochaileachta i dtaca le suaitheadh díobhálach agus mar sin LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann leibhéil na n-easnamh agus an fhiachais a cheansú go fadtéarmach chun athléimneacht a chothú le beartais fhioscacha stuama sna Ballstáit sin a bhfuil fiachas poiblí ard acu, lena n-áirítear trí chloí leis an riail maidir le fiachas. AONTAÍONN SÍ gur éirigh le roinnt Ballstát a gcuid cuspóirí meántéarmacha a shárú agus go bhféadfaidís úsáid a bhaint as an staid fhabhrach bhuiséadach atá acu chun a n-éileamh intíre agus a n-acmhainneacht fáis a neartú tuilleadh, ag brath ar chúinsí tír-shonracha agus urraim á tabhairt acu don chuspóir meántéarmach, do na sainchumais bhuiséadacha náisiúnta agus do na ceanglais náisiúnta.

14. MEABHRAÍONN SÍ go gcuirtear, leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, ar chumas na gcobhsaitheoirí uathoibríocha gníomhú de réir an choigeartaithe struchtúrtha a aontaíodh agus go gcuirtear ar fáil leis solúbthacht shuntasach chun an beartas fioscach a choigeartú de réir mar a athraíonn cúrsaí sna Ballstáit, gan an aidhm fhoriomlán a chur i mbaol, is é sin le rá airgeadas poiblí fónta, inbhuanaithe, a chur chun cinn. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh an Coimisiún iarrataí ó Bhallstáit le haghaidh solúbthacht faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a mheas ar bhealach comhsheasmhach, lena n-áirítear iarrataí maidir le caiteachas eisceachtúil mar gheall ar theagmhais neamhghnácha nach bhfuil smacht ag na rialtais orthu.